Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026
(OR. en)

6105/26

CORDROGUE 17
SAN 71
RELEX 171
*EUDA*
*EUROPOL*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 17109/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971 – Glacadh |

1. Is iad Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971 (dá ngairtear 'na Coinbhinsiúin' anseo feasta) na príomhchonarthaí idirnáisiúnta rialaithe drugaí, mar aon le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha, 1988.

2. Ceanglaítear ar na Stáit is páirtithe sna Coinbhinsiúin a áirithiú go gcuirtear na bearta rialaithe éigeantacha i bhfeidhm maidir leis na substaintí a liostaítear sna Sceidil atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin. Is é cuspóir an liostaithe sin úsáid na ndrugaí sin a rialú agus a theorannú de réir aicmiú a luacha theiripigh, an riosca go mbainfear mí-úsáid astu agus contúirtí sláinte, agus íoslaghdú a dhéanamh ar atreorú ceimiceán réamhtheachtach chuig monaróirí drugaí mídhleathacha.

3. Is é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a dhéanann cinntí chun raon feidhme an rialaithe ar shubstaintí a athrú, trí chinntí athruithe a dhéanamh ar Sceidil na gCoinbhinsiún, ar bhonn moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

4. Ag an 69ú seisiún a bheidh aige, a thionólfar ón 9 go dtí an 13 Márta 2026 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinntí a ghlacadh maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin.

5. An 18 Nollaig 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin (17109/25 + ADD 1).

6. Rinneadh anailís ar an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí an 15 agus an 16 Eanáir 2026. D'fhormhuinigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí an togra, mar a leagtar amach in 5895/26 é, ag an gcruinniú a bhí aici an 4 agus an 5 Feabhra 2026.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6040/26 + ADD 1 é, maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.